2025/343

18.2.2025

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/343 ÓN gCOIMISIÚN

**an 17 Feabhra 2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1332/2011 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 a mhéid a bhaineann le córais sheachanta imbhuailtí ar eite**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 31(1), pointe (a), agus Airteagal 44(1), pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 1332/2011 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos ceanglais chomhchoiteanna úsáide aerspáis agus nósanna imeachta oibríochta le haghaidh seachaint imbhuailtí san aer.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 1332/2011, ceanglaítear maidir le heitleáin thuirbíntiomanta, a bhfuil uasmhais éirí de thalamh dheimhnithe is mó ná 5 700 kg acu nó atá údaraithe chun níos mó ná 19 bpaisinéir a iompar, go mbeidh siad feistithe le leagan 7.1 den bhogearra seachanta imbhuailtí a bhaineann leis an gcóras seachanta imbhuailtí ar eite (ACAS II), ionas nach dtarlóidh imbhualadh san aer. Tá feidhm ag an gceanglas sin freisin maidir le hoibreoirí eitleán áirithe atá cláraithe i dtríú tír ach níl feidhm aige maidir le córais aerárthaí gan foireann.

(3) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1332/2011, aerárthaí nach gceanglaítear go dlíthiúil iad a bheith feistithe le ACAS II ach atá feistithe leis an gcóras sin ar bhonn deonach, beidh leagan 7.1 den bhogearra seachanta imbhuailtí acu.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta eile agus maoirseacht ina leith.

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373, ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide, loingseoireachta nó faireachais a léiriú go gcomhlíonann a modhanna oibre agus a nósanna imeachta oibriúcháin caighdeáin Iarscríbhinn 10 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944 ('Coinbhinsiún Chicago'), maidir le teileachumarsáid aerloingseoireachta a mhéid atá siad ábhartha maidir le soláthar seirbhísí cumarsáide, loingseoireachta nó faireachais san aerspás lena mbaineann.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1332/2011 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2011 lena leagtar síos ceanglais chomhchoiteanna úsáide aerspáis agus nósanna imeachta oibríochta le haghaidh seachaint imbhuailtí san aer (IO L 336, 20.12.2011, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1332/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta eile agus maoirseacht ina leith, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 482/2008, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, Rialachán Cur chun Feidhme (AE) Uimh. 1035/2011 agus Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 (IO L 62, 8.3.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/373/oj).

(6) Le Leasú 91 ar na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus Cleachtais Mholta Idirnáisiúnta, Teileachumarsáid Aerloingseoireachta - Córais Faireachais agus Seachanta Imbhuailtí (Iarscríbhinn 10, Imleabhar IV a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago), tugadh isteach an córas seachanta imbhuailtí ar eite Xa (ACAS Xa) mar mhalairt ar an gcóras ACAS II le leagan 7.1 den bhogearra seachanta imbhuailtí.

(7) De bhun Airteagal 4(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/1139, tá na ceanglais nua a leagtar síos faoin Rialachán sin le léiriú a dhéanamh ar an úrscothacht agus na cleachtais is fearr i réimse na heitlíochta, agus taithí eitlíochta ar fud an domhain agus dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil sna réimsí faoi seach á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1332/2011 a leasú chun rochtain a thabhairt don aerárthach atá feistithe le ACAS Xa ar an Aerspás Eorpach Aonair.

(8) De bhun Airteagal 1(2), pointe (g), de Rialachán (AE) 2018/1139, ba cheart na rialacha nua a leagtar síos faoin Rialachán sin a bheith ina gcuidiú do na Ballstáit i bhfeidhmiú a gceart agus i gcomhlíonadh a n-oibleagáidí faoi Choinbhinsiún Chicago, trí léirmhíniú comhchoiteann agus cur chun feidhme aonfhoirmeach tráthúil a fhorálacha a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 a leasú chun tagairt a dhéanamh do na forálacha is déanaí d'Iarscríbhinn 10 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste arna bhunú le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1332/2011**

San Iarscríbhinna ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1332/2011, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe AUR.ACAS.1005:

'AUR.ACAS.1005 **Ceanglas feidhmíochta**

Beidh na heitleáin thuirbíntiomanta seo a leanas feistithe le ACAS II le leagan 7.1 den bhogearra seachanta imbhuailtí nó le ACAS Xa:

(a) eitleáin a bhfuil uasmhais dheimhnithe éirí de thalamh acu is mó ná 5 700 kg;

(b) eitleáin atá údaraithe chun níos mó na 19 paisinéirí a iompar.

Aerárthaí nach dtagraítear dóibh i bpointe 1 ach atá feistithe ar bhonn deonach le ACAS II, beidh leagan 7.1 den bhogearra seachanta imbhuailtí nó ACAS Xa acu.

Ní bhainfidh pointe 1 le córais aerárthaí gan foireann.'.

*Airteagal 2*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373**

Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad phointe (d) de phointe CNS.TR.100 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/373:

'(d) Imleabhar IV maidir le córais radair faireachais agus córais seachanta imbhuailtí sa 5ú heagrán de mhí Iúil 2014, lena n-áirítear gach leasú suas go dtí Uimh. 91 agus an leasú sin san áireamh;'.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Feabhra 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN